Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2012/0060(COD)**

**9977/22**
**ADD 2 REV 1**

**CODEC 872**
**POLCOM 49**
**COMER 76**
**MAP 15**
**MI 458**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a bhunú atá ceaptha an chaibidlíocht i leith rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais tríú tíortha a éascú (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta - IMPI) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le hinniúlacht eisiach**

**i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/xxx)*****

Mar a dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais i dTuairim 2/15 uaithi, tagann rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha i nósanna imeachta soláthair an Aontais faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála a bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas ina leith, mar a luaitear go sainráite in Airteagal 3(1)(e) CFAE. Dá bhrí sin, staonfaidh na Ballstáit agus a n-údaráis agus a n-eintitis chonarthacha ó bhearta reachtacha nó bearta eile a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh nó a choinneáil, ar bearta iad lena rialaítear rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus

** IO: cuir isteach uimhir foilsithe, fonóta agus tagairt foilsithe dhoiciméad 2012/0060 (COD).

seirbhísí tríú tíortha thar na bearta sin a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán sin agus le reachtaíocht eile de chuid an Aontais.